2025/2438

5.12.2025

CINNEADH (AE) 2025/2438 ÓN gCOMHAIRLE

an 20 Samhain 2025

maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht San Mairíne maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 115, i dteannta le h Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (b), agus le hAirteagal 218(8), an dara fomhír, de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht San Mairíne maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta ([2]) ('an Comhaontú'), feabhsaíodh cúnamh frithpháirteach i gcúrsaí cánach idir na Páirtithe Conarthacha agus cuireadh feabhas ar chomhlíontacht cánach idirnáisiúnta.

(2) Formheasadh athruithe tábhachtacha ar Chomhchaighdeán Tuairiscithe na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta ar an leibhéal idirnáisiúnta an 26 Lúnasa 2022 agus rinneadh iad a ionchorprú i ndlí an Aontais trí bhíthin Threoir (AE) 2023/2226 ón gComhairle ([3]), lenar leasaíodh Treoir 2011/16/AE ón gComhairle ([4]).

(3) Dá bhrí sin, is gá an Comhaontú a leasú chun a áirithiú go ndéantar an t-uathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais idir na Ballstáit agus Poblacht San Mairíne a ailíniú leis an gComhchaighdeán Tuairiscithe uasdátaithe ón 1 Eanáir 2026 agus go leanfar den uathmhalartú sin a dhéanamh i gcomhréir leis an gComhchaighdeán sin.

(4) Is léiriú cuí é téacs an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht San Mairíne maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta ('an Prótacal Leasaitheach'), atá mar thoradh ar an gcaibidlíocht, ar na treoracha caibidlíochta a d'eisigh an Chomhairle.

(5) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2025/2126 ón gComhairle ([5]), síníodh an Prótacal Leasaitheach an 13 Deireadh Fómhair 2025, faoi réir a thabhairt i gcrích tráth is faide anonn.

(6) Ba cheart an Prótacal Leasaitheach agus na Dearbhuithe Comhpháirteacha atá i gceangal leis a fhormheas thar ceann an Aontais.

(7) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

([1]) Tuairim an 13 Samhain 2025 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
([2]) IO L 381, 28.12.2004, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2004/903/oj.
([3]) Treoir (AE) 2023/2226 ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais (IO L, 2023/2226, 24.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/2226/oj).
([4]) Treoir 2011/16/AE ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais agus lena n-aisghairtear Treoir 77/799/CEE (IO L 64, 11.3.2011, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dir/2011/16/oj).
([5]) Cinneadh (AE) 2025/2126 an 10 Deireadh Fómhair 2025 ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht San Mairíne maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta (IO L, 2025/2126, 17.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2126/oj).
([6]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

Airteagal 1

Formheastar leis seo, thar ceann an Aontais, an Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht San Mairíne maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta ([7]).

Airteagal 2

Formheastar leis seo, thar ceann an Aontais, Dearbhú Comhpháirteach na bPáirtithe Conarthacha maidir leis an gComhaontú agus na hIarscríbhinní, Dearbhú Comhpháirteach na bPáirtithe Conarthacha maidir le hAirteagal 5 den Chomhaontú, Dearbhú Comhpháirteach na bPáirtithe Conarthacha maidir leis an gcaidreamh idir San Mairíne agus an tAontas Eorpach, Dearbhú Comhpháirteach na bPáirtithe Conarthacha maidir leis an sainmhíniú ar Bhanc Ceannais agus Dearbhú Comhpháirteach na bPáirtithe Conarthacha maidir le teacht i bhfeidhm an Phrótacail Leasaithigh a fhormheas.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha ([8]).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Samhain 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

([7]) Foilsítear téacs an Phrótacail Leasaithigh in IO L, 2025/2428, 5.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2025/2428/oj.

([8]) Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Phrótacail Leasaithigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.